



2025/1243

26.6.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1243 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Meitheamh 2025

lena leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1288 a mhéid a bhaineann le hath-chionroinnt cuótaí nár úsáideadh i leith filléid tuinnín ullmhaithe nó leasaithe agus luanta tuinnín ullmhaithe nó leasaithe (amh, cócaráilte agus reoite), filléid ronnach ullmhaithe nó leasaithe agus filléid tuinnín frigéid ullmhaithe nó leasaithe nó filléid ronnach frigéid ullmhaithe nó leasaithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 64(6) agus Airteagal 66, pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is tír í Cabo Verde a thairbhíonn den socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas dá bhforáiltear faoi Airteagal 1(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, dá ngairtear Scéim na bhFabhar Ginearálaithe (GSP+). I Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ⁽³⁾ leagtar síos na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach chun críocha Scéim na bhFabhar Ginearálaithe (GSP), seachas rialacha nós imeachta.
- (2) Deonaíodh maolú ar na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach do Cabo Verde le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1288 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾. Bhí cainníochtaí na n-iasc faoin maolú sin níos ísle ná na cainníochtaí a d'iarr Cabo Verde an tráth sin, toisc gur ríomhadh iad ar bhonn úsáid iarbhrí na gcuótaí faoin maolú roimhe sin. Le litir dar dáta an 11 Nollaig 2024, d'áitigh Cabo Verde go bhfuil na cainníochtaí éisc faoin maolú sin rótheoranta i gcomparáid leis na fíor-riachtanais agus d'iarr sé athmheastóireacht ar na cainníochtaí. Go háirithe, rinne Cabo Verde tagairt don staid dheacair a bhí roimh chuideachtaí próiseála éisc, sa mhéid go bhfuil sé d'oibleagáid orthu cainníochtaí a théann thar na cuótaí sin a reo agus go bhfuil an fhostaíocht san earnáil próiseála faoi bhagairt dá bhrí sin. Níor ídíodh na cuótaí a chionroinnt ar fhilleid agus luanta tuinnín ullmhaithe nó leasaithe in 2024, agus fágadh 700 tona gan úsáid. Mar bheart eisceachtúil chun tacú le hearnáil iascaigh próiseála Cabo Verde, is féidir na cainníochtaí sin nár úsáideadh a ath-chionroinnt ar na cuótaí i leith an ronnaigh agus an tuinnín frigéid, gan aon mhéadú ar na cainníochtaí foriomlána a chumhdaítear leis an maolú atá i bhfeidhm faoi láthair.
- (3) Roinnfear an méid breise idir an dá speiceas, beidh 300 tona breise ann i gcás an ronnaigh agus 400 tona ann i gcás an tuinnín frigéid le haghaidh 2025. Na méideanna a leagtar amach sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo, ba cheart iad a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾ arb airteagail iad lena rialaítear bainistiú cuótaí taraife.

⁽¹⁾ IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj>.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (IO L 303, 31.10.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/978/oj>).

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2446/oj).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1288 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2024 lena ndeonaítear maolú sealadach do Cabo Verde ar na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, i leith filléid tuinnín ullmhaithe nó leasaithe agus luanta tuinnín ullmhaithe nó leasaithe (amh, cócaráilte agus reoite), filléid ronnach ullmhaithe nó leasaithe agus filléid tuinnín frigéid ullmhaithe nó leasaithe nó filléid ronnach frigéid ullmhaithe nó leasaithe (IO L, 2024/1288, 7.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1288/oj).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

- (4) Ba cheart na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe agus ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith acu ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, chun staid dheacair Cabo Verde a chur san áireamh agus chun a cheadú don tír sin an maolú a chur i bhfeidhm ón dáta sin ar aghaidh.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1288 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1288.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Sraithuimhir	Cód AC	Cód TARIC	Tuairisc ar earraí	Tréimhsí	Méid bliantúil (i dtonaí glanmheáchain)
09,1602	1604 14 21 00	10	Filléid agus luanta boiniotó ullmhaithe nó leasaithe (<i>Katsuwonus pelamis</i>)	1.1.2024 go dtí 31.12.2024	2 300
	1604 14 26 90				
	1604 14 28 00			1.1.2025 go dtí 31.12.2025	3 000
	1604 20 70 50				
	1604 20 70 55		Filléid agus luanta tuinnín bhuí ullmhaithe nó leasaithe (<i>Thunnus albacares</i>)		
	1604 14 31 90				
	1604 14 36 90				
	1604 14 38 00		Filléid agus luanta tuinnín mhórshúiligh ullmhaithe nó leasaithe (<i>Thunnus obesus</i>)		
	1604 20 70 99				
	0304 87 00 90				
	1604 14 41 20		Tuinnín colgach ullmhaithe (<i>Thunnus alalunga</i>)		
	1604 14 46 29				
	1604 14 48 20				
	1604 20 70 45				
	0304 87 00 20				
	1604 14 41 30				
	1604 14 48 30				

IARSCRÍBHINN II

Sraithuimhir	Cód AC	Cód TARIC	Tuairisc ar earraí	Tréimhsí	Méid bliantúil (i dtonaí glanmheáchain)
09,1647	1604 15 11 00 ex 1604 19 97	10	Filléid ronnaigh ullmhaithe nó leasaithe (<i>Scomber scombrus</i> , <i>Scomber japonicus</i> , <i>Scomber colias</i>)	1.1.2024 go dtí 31.12.2024	2 700
				1.1.2025 go dtí 31.12.2025	3 000
09,1648	ex 1604 19 97 1604 20 90 00	10	Filléid tuinnín frigéid ullmhaithe nó leasaithe nó filléid ronnaigh frigéid ullmhaithe nó leasaithe (<i>Auxis thazard</i> , <i>Auxis rochei</i>)	1.1.2024 go dtí 31.12.2024	600
				1.1.2025 go dtí 31.12.2025	1 000